Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 27 Feabhra 2020**
**(OR. en)**

**6425/20**

**CLIMA 47**
**ENV 142**
**FIN 124**
**ENER 71**
**TRANS 80**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| An: | 27 Feabhra 2020 |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 5923/20 |
| Ábhar: | Tuarascáil Speisialta Uimh. 18/2019 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa dar teideal *EU greenhouse gas emissions: Well reported, but better insight needed into future reductions* [Astaíochtaí gás ceaptha teasa an Aontais: Dea-thuairiscithe, ach léargas níos fearr de dhíth ar laghduithe sa todhchaí]<br>- Conclúidí ón gComhairle |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo, na conclúidí ón gComhairle maidir le Tuarascáil Speisialta Uimh. 18/2019 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa dar teideal *EU greenhouse gas emissions: Well reported, but better insight needed into future reductions* [Astaíochtaí gás ceaptha teasa an Aontais: Dea-thuairiscithe, ach léargas níos fearr de dhíth ar laghduithe sa todhchaí], mar a ghlac an Chomhairle iad ag an 3753ú cruinniú dá cuid, an 27 Feabhra 2020.

**IARSCRÍBHINN**

**Tuarascáil Speisialta Uimh. 18/2019 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa dar teideal *EU greenhouse gas emissions: Well reported, but better insight needed into future reductions* [Astaíochtaí gás ceaptha teasa an Aontais: Dea-thuairiscithe, ach léargas níos fearr de dhíth ar laghduithe sa todhchaí]**

**- Conclúidí ón gComhairle -**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Á MHEABHRÚ DI a conclúidí maidir le feabhas a chur ar an scrúdú ar thuarascálacha speisialta arna ndréachtú ag an gCúirt Iniúchóirí i gcomhthéacs an nós imeachta um urscaoileadh[1].

1. IS DÍOL SÁSAIMH DI Tuarascáil Speisialta Uimh. 18/2019 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa dar teideal *EU greenhouse gas emissions: Well reported, but better insight needed into future reductions* [Astaíochtaí gás ceaptha teasa an Aontais: Dea-thuairiscithe, ach léargas níos fearr de dhíth ar laghduithe sa todhchaí];

2. TUGANN SÍ DÁ hAIRE na conclúidí agus na moltaí atá sa Tuarascáil Speisialta;

3. AITHNÍONN SÍ a thábhachtaí atá sé na caighdeáin is airde is féidir a choimeád maidir le fardail gás ceaptha teasa san Aontas;

4. AONTAÍONN SÍ faoina thábhachtaí atá sé measúnú rialta agus leordhóthanach a dhéanamh ar éifeachtaí bheartais agus bhearta na mBallstát agus an Aontais maidir le hastaíochtaí gás ceaptha teasa d'fhonn a n-éifeachtacht a mheas agus d'fhonn cáilíocht na bhfardal gás ceaptha teasa a fheabhsú a thuilleadh;

5. AONTAÍONN SÍ go bhfuil sé tábhachtach tuilleadh feabhais a chur ar an léargas ar laghduithe sa todhchaí ar astaíochtaí gás ceaptha teasa; MOLANN AN CHOMHAIRLE go leanfar den chomhar idir an Coimisiún agus na Ballstáit chun tuilleadh feabhais a chur ar an gcumas tionchar na mbeartas maidir le hastaíochtaí sa todhchaí a réamh-mheas;

1 7515/00 + COR 1

6. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún a mheas conas a d'fhéadfaí tuilleadh feabhais a chur ar an gcomhleanúnachas idir réamh-mheastacháin náisiúnta agus iad siúd atá déanta ag an gCoimisiún, mar shampla conas measúnú a dhéanamh ar na tionchair ar astaíochtaí atá ag príomhbheartais agus príomhbhearta an Aontais, amhail an Córas Trádála Astaíochtaí, na rialacháin maidir le hastaíochtaí $CO_2$ ó iompar de bhóthar, agus ó earnálacha eile arna gcumhdach leis an rialachán maidir le comhroinnt díchill, agus, i gcás réamh-mheastacháin náisiúnta maidir le hastaíochtaí, trí threoir bhreise agus cúnamh pleanála breise; IS DÍOL SÁSAIMH DI rannchuidiú an Choimisiúin le hacmhainn samhaltaithe a fhorbairt don Aontas a rachaidh chun tairbhe mheasúnuithe na mBallstát freisin;

7. TUGANN SÍ DÁ hAIRE go bhfuil tús curtha ag an gCoimisiún le plé leis an nGníomhaireacht Eorpach Comhshaoil (EEA) le féachaint ar bhealaí chun seiceálacha ar fhardail maidir le húsáid talún, athrú ar úsáid talún agus foraoiseacht (LULUCF) a chomhtháthú níos fearr i bpróiseas na seiceálacha céanna in earnálacha eile; IS DÍOL SÁSAIMH DI na hiarrachtaí sin i dtreo cur chuige a bheidh níos aontaithe agus níos caighdeánaithe, faoi réir acmhainní leordhóthanacha a bheith ar fáil faoin gcéad chreat airgeadais ilbhliantúil eile;

8. AITHNÍONN SÍ gur féidir le hearnáil na húsáide talún, athrú ar úsáid talún agus foraoiseacht (LULUCF) rannchuidiú go suntasach le spriocanna aeráide fadtéarmacha an Aontais agus spriocanna aeráide idirnáisiúnta a bhaint amach; MEABHRAÍTEAR DI go dtugtar, le sásra an Aontais maidir le Rialachas an Aontais Fuinnimh[2], creat trasearnála lena gcumhdaítear inter alia, talmhaíocht agus LULUCF, bunaithe ar phleananna náisiúnta fuinnimh agus aeráide chun a áirithiú go mbainfear amach cuspóirí aeráide 2030 an Aontais mar aon le straitéisí fadtéarmacha an Aontais agus na mBallstát a rannchuidíonn le comhlíonadh na ngealltanas faoi Chreat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar an Athrú Aeráide (UNFCCC) agus faoi Chomhaontú Pháras;

---

[2] Rialachán (CE) 2018/1999 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2018 maidir le Rialachas an Aontais Fuinnimh agus na Gníomhaíochta Aeráide (IO L 328, 21.12.2018, lch. 1).

9. TACAÍONN SÍ leis na hiarrachtaí atá á ndéanamh ag an Eagraíocht Mhuirí Idirnáisiúnta (IMO) maidir lena straitéis tosaigh i ndáil le gás ceaptha teasa a chur chun feidhme go mear agus leanfaidh sí den dul chun cinn atá déanta in IMO a leanúint agus na tuarascálacha ón gCoimisiún maidir leis an dul chun cinn atá déanta in IMO sa chomhthéacs sin á gcur san áireamh aici; MEABHRAÍTEAR DI go bhfuil córas i bhfeidhm ag an Aontas chun faireachán agus measúnú a dhéanamh ar astaíochtaí $CO_2$ ó longa a thagann isteach i gcalafoirt sa Limistéar Eorpach Eacnamaíoch;

10. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún leanúint de bheith ag obair i gcomhréir leis na moltaí a leagtar amach sa Tuarascáil Speisialta laistigh de na hamchláir a mholtar.